C/2026/2167

6.5.2026

P10_TA(2025)0320

Infheistíochtaí a bhaineann leis an gcosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2025 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, (AE) 2023/1525 agus 2024/795, a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí maidir le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme (COM(2025)0188 – C10-0070/2025 – 2025/0103(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2026/2167)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0188),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 114, 164, 172, agus 173, Airteagal 175, an tríú mír, Airteagail 176, 177, 178, 182, 183 agus 188, agus Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Parlaimint na hEorpa (C10-0070/2025),

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir leis an mbunús dlí atá molta,

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) agus Airteagail 164 agus 172, Airteagal 173(3), Airteagal 175, an tríú mír, Airteagail 177 agus 178, Airteagal 182(1) agus (4), Airteagal 183, Airteagal 188, an dara mír, agus Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Meán Fómhair 2025 ([1]),

— ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 15 Deireadh Fómhair 2025 ([2]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag an gcoiste freagrach, agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 10 Samhain 2025 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 60, 41 agus do Riail 58 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Shlándáil agus um Chosaint agus ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A10-0172/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([1]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.
([2]) IO C, C/2025/6325, 3.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6325/oj.

P10_TC1-COD(2025)0103

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 16 Nollaig 2025 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, agus (AE) 2024/795, a mhéid a bhaineann le hinfheistíocht maidir le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2025/2653.)